2.Cáilíocht Beatha

Tá spriocanna ardleibhéil an téama do Cháilíocht Beatha arna aontú ag an LCDC ar an liosta thíos.

Chun cabhrú le Plean Gníomhaíochta a fhorbairt, cuir isteach tuairimí/gníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh, sa spás atá tugtha os comhair gach ceann de na Spriocanna Ardleibhéil ar an liosta.

Spriocanna ardleibhéil don Cháilíocht Beatha		Tuairimí/Gníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh
2.1 Timpeallacht Nádúrtha	Tírdhreach an Chontae a chosaint chomh fada agus is féidir mar shócmhainn shuntasach eacnamaíoch agus mar thaitneamhacht thar a bheith luachmhar a chuireann go mór le cailíocht beatha na ndaoine.	
2.2 Pobail Áite	Tacú le pobail agus iad a neartú chun go mbeidh ar a gcumas ag áitritheoirí gníomhartha sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta a fhorbairt le go bhfásfaidh a bhféiniúlacht, a ngaol leis an áit agus a mórtas as an áit.	
2.3 Teacht ar Sheirbhísí	Freagraí praiticiúla áitiula a aimsiú ar dheacrachtaí maidir le teacht ar sheirbhísí, i gcomhairle le páirtithe leasmhara.	
2.4 Comhpháirteachas & Rannpháirtíocht	A chinntiú go gcuirfear comhpháirteachas uileghabhálach saoránach chun cinn agus go dtabharfar tacú dó ag gach leibhéal ionas go mbeidh daoine, a n-imríonn cinneadh nó polasaí tionchar orthu, páirteach sa phróiseas cinneadh a dhéanamh.	
2.5 Sláinte & Folláine	Sláinte & folláine an daonra a chur chun cinn ag tarraingt ar na nithe a imríonn tionchar ar shláinte (a chuimsíonn gnéithe sóisialta, an t-oideachas, timpeallacht, spórt & gníomhaíocht fhisiciúil, tithíocht, stádas eacnamaíoch san áireamh).	

Má tá sprioc tábachtach atá fágtha ar lár i do thuairim, luaigh anseo é, maraon le haon Tuairim/Gníomh a d'fhéadfaí a ghlacadh?